Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/412

21.1.2026

**Aghaidh náisiúnta nua ar mhonaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(C/2026/412)




*Aghaidh náisiúnta an mhona chomórtha nua 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag Andóra*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag monaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na monaí nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na monaí a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), na Ballstáit sa limistéar euro agus tíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le monaí euro a eisiúint, ceadaítear dóibh monaí euro comórtha a eisiúint, monaí atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2 euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na monaí sin agus na saintréithe a bhíonn ag monaí 2 euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin nó ó thaobh na hEorpa de.

**Tír eisiúna**: Andóra

**Ábhar an chomórtha:** Cluichí Stáit Bheaga na hEorpa (a reáchtáladh in Andóra in 2025)

**Tuairisc ar an dearadh:** Athchruthaítear i ndearadh an mhona cuid de na disciplíní éagsúla spóirt a bhíonn sa chomórtas sin mar aon leis na hinscríbhinní 'JOCS DELS PETITS ESTATS D'EUROPA' (Cluichí Stáit Bheaga na hEorpa) agus 'ANDORRA 2025'.

Taispeántar na 12 réalta de bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an mhona.

**An líon measta monaí atá le heisiúint**: 64 000

**Dáta eisiúna:** An dara leath de 2025

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lch. 1 i gcomhair aghaidh náisiúnta na monaí uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint monaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lch. 52).